# Foirm Iarratais Féinmheasúnaithe maidir le hAicmiú Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha, 2011

Comhlánaigh an fhoirm iarratais seo a leanas i mBLOCLITREACHA MÓRA le do thoil chun iarratas foirmiúil a dhéanamh ar aicmiú Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha i 2011. Ba cheart gach foirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig:
**Tourism Standards Assessments Ltd (TSA), 51 Bracken Road, Sandyford, Dublin 18,**
Tel: **1890 252 783** Email: **info@tsaireland.ie**

**Ainm an B&B:** ____________________

**Seoladh an B&B:** ____________________

____________________

**Baile:** ____________________ **Contae:** ____________________

**Teileafón:** ____________________ **Rphost:** ____________________

**Rangú Tithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha:**
(Cuir ✓ le do thoil leis an rangú atá agat mar atá sé ar d'fhógra maidir le Rangú Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha) 3* ☐ 4* ☐ 5* ☐

**Aicmiú Tithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha::**
(Cuir ✓ le do thoil leis an aicmiú de chuid Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha ar mian leat iarratas a dhéanamh air– féadfaidh tú iarratas a dhéanamh le haghaidh **3 aicme Leaba agus Bricfeasta ar a mhéad móide an aicme Glactha Peataí)**

- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir Fáilte roimh Shiúlóirí ☐
- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir Fáilte roimh Shlatiascairí ☐
- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir Fáilte roimh Lucht Eachtraíochta ☐
- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir Fáilte roimh Ghalfairí ☐
- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir Fáilte roimh Bhiabhháigh ☐
- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir Fáilte chuig an bhFeirm ☐
- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir na hAicme Glactha Peataí ☐
- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir Lucht Bá na hÉiceolaíochta ☐
- Comhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta critéir Blaiseadh Gaeltachta – Taithí Ghaeltachta ☐

**Séanadh:**
Trí thic a chur sa bhosca seo, dearbhaím leis seo go gcomhlíonann mo theach Leaba agus Bricfeasta, atá suite ag an seoladh a thugtar thuas, gnéithe uile na gcritéar don aicme/do na haicmí a bhfuil iarratas á dhéanamh agam ina leith, mar atá leagtha amach i mBróisiúr Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannach dar teideal 'Categorisation .. Is it for me?' ☐

Arna shíniú: ____________________

Post: ____________________ Dáta: / / 2011
(Bainisteoir/Úinéir)

*Bí cinnte go líonann tú an dá thaobh den fhoirm seo.*

# Lógónna Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha

## Téarmaí agus Coinníollacha Úsáide

Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

**Idir Fáilte Éireann agus an Soláthraí Cóiríochta/Táirgí a bhfuil a shíniú nó a síniú thíos:**

**1. Ceadúnas**

1.1 Comhaontú Ceadúnais nó, a mhéid a cheadúnaíonn aon duine eile Fáilte Éireann, Comhaontú Focheadúnais is ea an Comhaontú seo.

1.2 Ag déanamh breithniú dúinn ar do rannpháirtíocht i Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta, ceadúnaíonn Fáilte Éireann duit leis seo ainm Fáilte Éireann, a lógónna agus na cearta eile atá aige sna hábhair (cibé acu PDF, JPG nó íomhánna nó foirmeacha eile) (mar aon le Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha) arna gcur ar fáil duit ag Fáilte Éireann de réir théarmaí an Chomhaontaithe seo agus atá le húsáid agat d'aontoisc chun an mhaoin de do chuid atá rangaithe ag Fáilte Éireann a chur chun cinn. Is iad amháin atá incháilithe le haghaidh Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta maoine atá rangaithe ag leibhéal 3, 4 agus 5, fad atá an mhaoin sin rangaithe ag Fáilte Éireann agus atá an mhaoin sin cláraithe le Fáilte Éireann. (Tá an leibhéal bunaidh ceadaithe neamh-incháilithe.)

1.3 Tá agus beidh Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha ina maoin de chuid Fáilte Éireann gach tráth agus ní féidir go dtiocfaidh siad chun bheith ina maoin phearsanta de do chuid ná de chuid aon duine eile agus ní bhfaighidh tú aon cheart eile i Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta Is Tithe Cónaithe Éireannacha thar théarmaí an Cheadúnais seo. Tá toirmeasc ort Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a úsáid ar shlí seachas mar a údaraíonn Fáilte Éireann faoin gComhaontú seo agus de thuras na huaire.

**2. Ag úsáid an rangú Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha**

2.1 Aontaíonn tú gan Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a athrú ná a mhodhnú ná iad a úsáid chun maoin seachas an mhaoin thíosluaite a chur chun cinn.

2.2 Aontaíonn tú gan Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a úsáid ar shlí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chlú nó do shainiúlacht Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha, Fáilte Éireann nó Scéimeanna Fáilte Éireann maidir le Dearbhú Cáilíochta / Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha agus aontaíonn tú aon treoracha réasúnacha a urramú a thugann Fáilte Éireann i ndáil le Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a úsáid.

2.3 Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar 3 Aicme Leaba agus Bricfeasta ar a mhéad móide an Aicme Glactha Peataí.

**3. Slánaíocht**

Déanfaidh tú Fáilte Éireann a shlánú, agus a mheas go bhfuil sé gan dochar, in aghaidh aon éileamh nó gach éilimh (cibé acu a éiríonn nó nach n-éiríonn leo), aon chaillteanais nó gach caillteanais, aon dliteanais nó gach dliteanais, aon damáistí nó gach damáiste agus aon chaiteachas agus gach caiteachais, lena n-áirítear táillí dlí agus caiteachais réasúnacha a mhéid a eascraíonn siad as aon sárú a dhéanann tú ar do chuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo nó as an úsáid a bhaineann tú as Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha.

**4. Foirceannadh**

Gan dochar do chearta Fáilte Éireann, féadfaimid an Comhaontú seo a fhoirceannadh agus an ceadúnas chun Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a úsáid a tharraingt siar tar éis fógra i scríbhinn a thabhairt duit más rud é aon tráth:

a. Go ndéanann tú aon sárú ar do chuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo;
b. Gur thug tú faisnéis bhréagach i dtaca leis an gComhaontú seo a dhéanamh agat;
c. Go n-athraítear d'aicmiú; nó
d. Go dtarraingíonn tú siar ó Scéimeanna Fáilte Éireann maidir le Dearbhú Cáilíochta / ó Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha.

**TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA**

**5. Éifeachtaí de dhroim Foirceannadh**

Más rud é go dtagann do mhaoin chun bheith gan chlárú nó gan athnuachan nó go scoireann do mhaoin ar aon chúis de bheith páirteach i Scéim Fáilte Éireann maidir le Dearbhú Cáilíochta nó má tharraingíonn tú siar as Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha nó mura bhfuil do mhaoin incháilithe a thuilleadh le haghaidh Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha, geallann tú leis seo gach leagan fisiciúil den lógó Aicmithe a bhaint láithreach de thaispeáintí ag do mhaoin nó ar aon bhróisiúir nó ábhar fógraíochta d'aon chineál nó ábhar d'aon chineál a bhaineann le cur chun cinn, lena n-áirítear greamáin fuinneoige, bróisiúir, páipéar nótaí, cártaí gnó agus suímh idirlín agus comhoibriú le Fáilte Éireann agus lena chuid gníomhairí ar gach bealach réasúnach i dtaca leis an scor sin.

**6. Rialacháin agus Toilithe**

Cinnteoidh tú go gcomhlíontar rialacháin aon údaráis phoiblí is infheidhme nó faoi aon reachtaíocht is infheidhme agus cinnteoidh tú gur iarradh agus go bhfuarthas gach cead riachtanach maidir le comharthaí de chuid Fáilte Éireann agus aon chomharthaí ar a dtaispeántar Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a úsáid agus a thaispeáint.

**7. Admháil an Cheadúnaí**

7.1 Tuigeann tú agus glacann tú leis an méid seo a leanas:

7.1.1 Tá gach ceart, lena n-áirítear cóipcheart agus aon chearta eile maoine intleachta, i Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha, san ainm "Fáilte Éireann" agus sna hainmneacha, sna téarmaí, sna siombailí agus sna lógónna a úsáidtear chun críocha Scéimeanna Fáilte Éireann maidir le Dearbhú Cáilíochta / Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha ar úinéireacht ag Fáilte Éireann;

7.1.2 Tá agus beidh Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha ina maoin de chuid Fáilte Éireann; agus

7.1.3 Coimeádann Fáilte Éireann an ceart chun na hainmneacha, na téarmaí, na siombailí agus na lógónna a úsáidtear chun críocha Scéimeanna Fáilte Éireann maidir le Dearbhú Cáilíochta / Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a athrú aon tráth agus gan fógra a thabhairt.

7.2 Ina theannta sin, glacann tú leis nach bhféadfar Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a úsáid ach amháin le linn na tréimhse ina bhfuil do mhaoin aicmithe ag Fáilte Éireann. Geallann tú aon athrú ar úinéireacht maidir leis an áitreabh (más ann) nó aon suíomh idirlín nó meán eile a bhaineann le cur chun cinn ar a dtaispeántar Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha chun do mhaoin a chur chun cinn a chur in iúl dúinn agus aithníonn tú, mura dtugann Fáilte Éireann ceadú i scríbhinn (ar ceadú é nach gcoimeádfar siar ná nach moilleofar go míréasúnta) maidir le hathrú den sórt sin, go bhfoirceannfar an Comhaontú seo le hathrú den sórt sin, agus air sin, tá d'oibleagáid ort scor de Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a úsáid agus/nó Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a bhaint de do shuíomh idirlín agus de do chuid ábhair eile a bhaineann le cur chun cinn agus comhoibriú le Fáilte Éireann agus lena chuid gníomhairí ar gach bealach réasúnach i dtaca leis an scor sin.

7.3 Déanfaidh tú Scéim Fáilte Éireann maidir le Dearbhú Cáilíochta / Scéim Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha inar rannpháirtí tú agus gach treoir a thugann Fáilte Éireann i dtaca le Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha a chomhlíonadh gach tráth.

**8. Sannadh**

8.1 Beidh an Comhaontú seo ina cheangal ort agus ní bheidh tú i dteideal do chuid ualaí, do chuid cearta nó do chuid tairbhí go léir faoin gComhaontú seo, nó aon chuid díobh, a nuachan ná a shannadh ná a aistriú ná a choimhthiú ar shlí eile.

8.2 Beimid i dteideal na hualaí, na cearta agus na tairbhí go léir faoin gComhaontú seo agus is cuí do Fáilte Éireann a nuachan nó a shannadh aon tráth agus ní bheidh tú i dteideal dochar, díobháil ná damáiste a dhéanamh do chearta Fáilte Éireann i Lógónna Aicmithe Fáilte Éireann ar Thithe Leaba agus Bricfeasta is Tithe Cónaithe Éireannacha ná na cearta sin a laghdú ar shlí eile.

Léigh mé agus thuig mé téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe Ceadúnais seo mar atá leagtha amach thuas agus aontaím leo.

ARNA SHÍNIÚ: ______________________

AINM: ______________________

(BLOCLITREACHA MÓRA)

DÁTA: ______________________

AINM AN TÍ B&B: ______________________

______________________

Bí cinnte go líonann tú an dá thaobh den fhoirm seo.